

An é Trasteangú Athbheochán na Gaeilge?

Sarah Burke

Máistir Garmiúil san Oideachas (Múinteoireacht Bunscoile)



Is as cathair na Gaillimhe í Sarah Burke. Bhain sí céim chumarsáide amach in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gConamara sular bhog sí ar aghaidh chun gairm a bheith aici sna meáin. Bhí sí ag obair sa rannóg scrípte i Ros na Rún ar feadh seal agus ansin mar chuntóir léirithe i Studio Solas i gConamara. D'oibrigh Sarah mar fhísiriseoir ar an suíomh Meon Eile leis an gcomhlacht léiriúchán *Below the Radar* i mBéal Feirste. Is le *Below the Radar* a bhfuair Sarah an deis a bheith ina láithreoir ar 'I Lár An Aonaigh' a bhí le feiceáil ar BBC2. Bhog Sarah go dtí na hAstráile ansin agus d'fhoghlaim sí go leor faoin tábhacht a bhaineann le hoideachas a fháil sna luabhlíonta agus í ag obair mar iriseoir leis an Roinn Oideachais i Melbourne. Shocraigh sí teacht abhaile agus céim a bhaint amach sa mhúinteoireacht agus tá sí ag stáidéar ar an gcúrsa Máistreachta Ghairmiúil san Oideachas i gColáiste Mhuire Gan Smál.

FOCAIL EOCHAIR: Múineadh na Gaeilge, Trasteangú, Tumoideachais.

RÉAMHRÁ

'Tír gan teanga, tír gan anam.' Aontaím leis an méid a dúirt Pádraig Mac Piarais. Tá an mhionteanga in Éirinn fíor thábhachtach, is cuid dár gcultúr í agus is linne í. Bíonn díospóireachtaí ann i gcónaí faoin dteanga; daoine ag iarraidh í a chur chun cinn agus daoine eile nach bhfuil. Tá go leor modhanna múinteoireachta ann chun an Ghaeilge a mhúineadh; tumoideachais i nGaelscoileanna agus straitéisí eile i scoileanna Béarla. Tar éis ocht mbliana sa bhunscoil ní bhíonn formhór na ndaoine (i scoileanna Béarla) muiníneach go leor an Ghaeilge a labhairt. Tá mise ag iarraidh fiosrú an féidir le bunscoileanna aon mhodh eile a úsáid chun an Ghaeilge a fhorbairt. Beidh mé ag fiosrú trasteangú mar straitéis nua in Éirinn agus ag fáil amach an gceapann múinteoirí bunscoile an féidir le trasteangú oibriú anseo i

scoileanna príomhshrutha amháin chun an Ghaeilge a shaothrú. Ní chuirfidh mé múinteoirí i nGaelscoileanna faoi agallamh mar gheall go mbíonn tumoideachais ar bun i nGaelscoileanna agus cuireadh trasteangú isteach ar sin dar liom.

Is téarma réasúnta nua agus i mbéal forbartha é ‘trasteangú,’ cé gur d’fhobair fear d’arbh ainm Cen Williams an téarma i bhfad siar sna hochtaidí (Lewis *et al.* 2012, Cummins 2014, Nikula agus Moore 2016). D’úsáid Williams an téarma trasteangú chun tagairt a dhéanamh ar chleachtais oideolaíoch dátheangach ar leith a d’fhorbair sé chun úsáid a bhaint as chláir dátheangachas, le haghaidh Breatnaise agus Béarla sa Bhreatain Bheag. Is straitéis struchtúrtha í an trasteangú ina chuirtear béim ar an teanga is laige chun í a fhorbairt. Bhí Williams go mór i bhfabhar dhá theanga a úsáid agus a athrú sa phróiseás ionchur agus aschur in aon rang amháin, mar shampla; slíocht a thabhairt do na páistí i mBéarla le léamh agus ansin cur síos a dhéanamh ar an slíocht sin trí mheáin na Breatnaise. An aidhm a bhí ag Williams ná bhí sé ag iarraidh ar na páistí eolais a phróiseáil go domhain. Bhí an cur chuige seo ann chun tacaíocht a thabhairt do stádas na Breatnaise i scoileanna agus chun daltaí a spreagadh chun smaointe níos casta a fhorbairt ina dteanga níos laige (Ballinger *et al.* 2017). Seans gur féidir le seo dóchas a thabhairt don Ghaeilge in Éirinn freisin.

Léiríonn Cummins (2014) go gcuireann trasteangú réalaíocht an dátheangachas chun cinn i gcomhtéacsanna nádúrtha go rialta. Cosúil le Ballinger *et al.*, léiríonn Cummins, gur féidir le trasteangú an teanga is laige a fhorbairt. Bíonn na teangacha a mhalairt ó theanga amháin go teanga eile i mbun ceachta, seachas 100% lán-tumoideachais a chur chun cinn. Ní aontaíonn sé le dhá theanga a bheith scartha óna chéile, creideann sé go bhfuil sé tábhachtach aistriú idir dhá theanga agus daltaí ag foghlaim ar scoil. An argóint atá ag Cummins chun comhtháthú idir dhá theanga ar scoil, ná go bhfoghlaimíonn daltaí níos éifeachtaí nuair a tharraingíonn an múinteoir aird an dalta ar chosúlachtaí agus éagsúlachtaí sna dhá theanga. Dar le Cummins, is éard is brí leis an téarma ‘oideachas dátheangach’ ná nuair a úsáidtear níos mó ná teanga amháin chun teagaisc agus nuair a bhfuil na teangacha úsáidte chun ábhar a mhúineadh seachas an teanga féin a mhúineadh.

Ar an taobh eile, deir Ó Brolcháin (2017), agus Ballinger *et al.* (2017), nach é an trasteangú an bealach is éifeachtaí chun mionteanga a chur chun cinn. Cuirtear in iúl dá mbeadh an rogha ag páistí an Ghaeilge nó an Béarla a labhairt, roghnaíodh an Béarla, fiú iad siúd ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga dúcháis acu. Is í an Ghaeilge príomh theanga na tíre de réir Bunreacht na hÉireann (Airteagail 8.1), ach, fós fhéin is mionteanga í. Tá an staidéar seo tábhachtach, dar liom, mar tá gá le córas oideachais éifeachtach Ghaeilge a chur chun cinn i mbunscoileanna príomhshrutha na tíre seo.

An cheist atá faoi bhráid ná; *An é trasteangú athbheochan na Gaeilge?* Oibríonn trasteangú go maith sa Bhreatain Bheag (Lewis *et al.* 2012) agus is léir go bhfuil sé tar éis cur leis an mBreatnaise. Ceisteoidh mé an mbeadh trasteangú ábalta oibriú anseo in Éirinn ar an gcaoi céanna agus muna bhfuil, cén fáth.

COMHTHÉACS

Tá polasaithe faoi leith in Éirinn agus i dtíortha eile chun an mhionteanga a fhorbairt agus a chosaint. Foilsíodh an ‘Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030’ chun an Ghaeilge a chur chun cinn in Éirinn. Léiríonn an straitéis seo go bhfuil an Rialtas ag déanamh iarrachtaí an Ghaeilge a choinneáil beo agus dátheangachas a fhorbairt. Caithfear daltaí scoile i mbunscoileanna agus meánscoileanna staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an mBéarla in Éirinn (An Roinn Oideachais agus Scileanna (g.d.)). Tá cosúlachtaí sa Bhreatain Bheag agus i gCeanada chomh maith mar go bhfoghlaíonn daltaí scoile Béarla chomh maith le mionteangacha. Dé réir polasaí Rialtas na Breataine Bige, tá ar ghach dalta idir 3-16 bliana d’aois, staidéar a dhéanamh ar an mBreatnaise, mar an chéad nó mar an dara teanga (Jones 2016). Ar an gcuma chéanna, tá Fraincís, chomh maith le Béarla, mar theanga oifigiúil i gCeanada, agus tugann ‘Roinn 23 den Chairt um Chearta agus Saoirsí Bunreachtúil,’ rátháocht do chearta mhionteangacha. De réir an dlí, tá cearta acu siúd an Fhraincís agus an Béarla a fhoghlaim ar scoil ar fud na tíre (Stopps 2009) (Ollscoil Ottawa (g.d.)).

Cé go bhfuil polasaí ann in Éirinn chun an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn níl an córas ag oibriú. Tar éis dhá bhliain déag ag foghlaim na Gaeilge ar scoil ní bhíonn daoine ábalta í a labhairt nó í a úsáid (Kelleher 2017). Tá bearna ann agus caithfear í a líonadh má tháthar ag iarraidh go mbeadh daltaí scoile muiníneach an teanga a labhairt agus iad ar scoil agus tar éis na scoile chomh maith.

MODHEOLAÍOCHTAÍ

Is í an aidham atá agam ná tacaíocht agus cabhair a thabhairt do mhúinteoirí bunscoile agus modhanna nó straitéisí éifeachtach a aimsiú chun an Ghaeilge a mhúineadh go héifeachtach. Shocraigh mé ar mhúinteoirí bunscoile amháin atá ag múineadh i scoileanna príomhshrutha a chur faoi agallamh chun peirspictíochtaí faoi mhúineadh na Gaeilge a fháil. Rinne mé ceithre hagallamh leath-struchtúra agus scaip mé suirbhéanna ar líne; ar SurveyMonkey.


D'aimsigh mé na rannpháirtí seo tríd sampláil deonach a dhéanamh, tríd ríomhphoist a sheoladh chuig bunscoileanna i gContae na Gaillimhe agus i gContae Mhaigh Eo agus d'iarr mé ar mhúinteoirí bunscoile an suirbhé a fhreagairt. Ní raibh aithne agam ar na rannpháirtí ach bhí siad sásta páirt a ghlacadh. D'fhreagair 41 múinteoirí an suirbhé ar líne. Bhí teorainneacha ann, ní raibh mé ag iarraidh múinteoirí ó Ghaelscoileanna a bheith páirteach sa taighde mar gheall go mbíonn tumoideachais ar bhun acu den chuid is mó. Bhí mé ar an eolas faoi mo chlaontacht féin; go raibh mé ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn, agus rinne mé cinnte gan an chlaontacht seo a chur in iúl i gceisteanna na hagallaimh agus an suirbhé.

Shocraigh mé ar na modheolaíochta seo chun torthaí cruinn a fháil agus d'úsáid mé SurveyMonkey ionas go mbeadh mé ábalta an suirbhé a scaipeadh go héasca agus go forleathan agus go mbeadh torthaí an suirbhé le fheiceáil go soiléir i bhfoirm barrachairteacha.

Féach thíos chun roinnt torthaí a fheiceáil:

An úsáideann tú straitéisí éagsúla agus tú ag múineadh páistí dátheangacha? Do you use different teaching strategies when teaching a bilingual child?

Answered: 41 Skipped: 0




ANSWER CHOICES	RESPONSES
Úsáidim / Yes	31.71% 13
Ní úsáidim / No	68.29% 28
TOTAL	41

Léaráid 1: Straitéisí

Cé chomh minic ina n-úsáideann tú Gaeilge (labhartha/scríofa) i ranganna eile? How often do you use Irish (written/spoken) in other classes?


Answered: 41 Skipped: 0



ANSWER CHOICES	RESPONSES
▼ Gach lá / Every day	85.37% 35
▼ Gach seachtain / Every week	14.63% 6
▼ Gach mí / Every month	0.00% 0
▼ Ní úsáideann riamh / Never	0.00% 0
TOTAL	41

Léaráid 2: Minicíocht

D'iarr mé ar na múinteoirí an raibh siad sásta nó míshásta le polasaí an stáit i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge. Seo a leanas na torthaí:



ANSWER CHOICES	RESPONSES
▼ An-mhíshásta / Very dissatisfied	43.90% 18
▼ Sásta / Satisfied	31.71% 13
▼ An-sásta / Very satisfied	2.44% 1
▼ Ní sásta nó míshásta / Neither satisfied nor dissatisfied	21.95% 9
TOTAL	41

Léaráid 3: Polasaí

FIONNACHTANNA AGUS PLÉ

Léiríonn torthaí an tsuirbhé go bhfuil 43.9% de mhúinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé an-mhíshásta le polasaí an stát i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge, rud nach chuireann iontas orm. Ná tráchtanna is coitianta a tháinig anuas ná go raibh múinteoirí á rá nach bhfuil a ndótháin deiseanna ann chun an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den scoil agus de bharr sin, ní bhíonn fonn nó gá ar na daltaí an Ghaeilge a fhoghlaim. Bhí múinteoirí á rá go bhfuil bearna sa chóras oideachais Gaeilge nuair nach mbíonn daoine ábalta an teanga a labhairt go muiníneach tar éis dóibh 14 bliain a chaitheamh ag foghlaim í ar scoil. Tá níos mó modhanna múinteoireachta nua agus traenáil go mór ag teastáil ó mhúinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé.

Trácht eile a bhí luaite go minic ná nach mbíonn meas ag tuismitheoirí ar an nGaeilge agus go bhfaigheann na páistí an meon sin sa bhaile agus dá bharr, go mbíonn sé deacair iad a spreagadh i dtreo na Gaeilge. Dóibh siúd a bhí sásta le polasaí an stáit, dúirt siad go bhfuil an curaclam teanga nua mar chéim sa treo cheart. Lua roinnt múinteoirí go bhfuil siad an-sásta go bhfuil polasaí oideachais ar fáil sa Ghaeltacht anois.

Maidir le tumoideachais sna ranganna Gaeilge, deir formhór na rannpháirtí go n-oibríonn sé, gur an bealach is fearr é chun an Ghaeilge a chur chun cinn do *formhór* na ndaltaí. Ach luaigh roinnt múinteoirí go mbíonn daltaí laige fágtha taobh thiar leis i gcónaí. Tugann na torthaí seo an smaoineamh dom go mb'fhéidir go mbeadh trasteangú in ann oibriú do *ghach* duine agus ansin nach mbeadh na daltaí laige ag fulaingt.

Maidir leis an gcur chuige atá ag múinteoirí chun an Ghaeilge a chur chun cinn faoi láthair, níor luaigh aon mhúinteoir go n-úsáideann siad trasteangú. Bhí orm an téarma trasteangú a mhiniú do mhúinteoir amháin agus bhí an triúir eile ar an eolas faoi. É sin ráite, áfach, mhothaigh mé nár cheap siad go mbíonn strúchtúr faoi leith ag baint le trasteangú agus de bharr seo, mothaím go bhfuil níos mó eolais ag teastáil ar trasteangú sa tír seo. Mhol na múinteoirí tumoideachais, cluichí teanga, físeanna, imeascadh, ranganna cainte agus obair beirte mar na straitéisí is éifeachaí atá in úsáid acu.

Dúirt 85.37% go n-úsáideann siad Gaeilge labhartha nó scríofa i ranganna eile gach lá agus dúirt 14.63% gu n-úsáideann siad Gaeilge i ranganna eile gach seachtain. Ní chuireann na torthaí seo iontas orm ach ardaítear an cheist; cén saghas Gaeilge atá á úsáid sna ranganna eile? An é an rud

céanna atá ann i gcónaí, mar shampla; *tógaigí amach bhur leabhair, bígí ciúin*, agus an gcabhraíonn úsáid na Gaeilge i ranganna eile í a fhorbairt?

D'iarr mé ar na rannpháirtí cén tuairim a bhí acu faoi chead a thabhairt do pháistí a theanga dúchais a úsáid sa rang agus iad i mbun oibre. Bhí meascán freagraí ar an gceist seo. Bhí múinteoirí go mór idir dhá chomhairle. Go bunúsach, bhí múinteoirí ag rá gur smaoineamh maith é i 'domhain idéalach' ach nach bhfuil sé practiciúil mar gheall ar líon na ndaltaí as tíortha éagsúla agus nach mbeadh sé cothrom ar na múinteoirí gan fhios a bheith acu céard atá á rá ag na daltaí eile sa rang. Dúirt go leor múinteoirí nach bhfuil an rogha sin acu mar gheall go n-iarann tuismitheoirí na bpáistí orthu gan cead a thabhairt dóibh a theanga dúchais a labhairt, mar tá siad ag iarraidh go mbeadh siad ag cur leis an mBéarla.

Dóibh siúd a rinne na hagallaimh leath-struchtúra, cheap said uile go n-oibríonn an tumoideachais sna ranganna Gaeilge agus d'aontaigh siad leis an gcur chuige atá ann i nGaelscoileanna nuair nach ceadaítear Béarla ach amháin sna ranganna Béarla. Pointe amháin a sheas amach dom ná nuair a dúirt múinteoir amháin nár cheart foclóir éagsúil a fhoghlaim trí Ghaeilge, mar shampla sna ranganna mata agus sna hábhair oideachais sóisialta, imshaoil agus eolaíochta; *'Surely, it is better to learn new vocabulary such as photosynthesis in the English form, in a form that will be used later in life rather than fótaisintéis'* (Rannpháistí 2018). Cé gur chreid an múinteoir seo go n-oibríonn tumoideachas, ní raibh sé i bhfabhar tumoideachas go hiomláin. Má tá páistí ag foghlaim stór focal i mBéarla amháin sna hábhair a lua sé, cá stopann muid?

Maidir le trasteangú, bhí spéis ag múinteoirí ann. Dúirt na múinteoirí ar fad a chuaigh faoi agallamh, go n-úsáidfeadh siad trasteangú amach anseo agus go mbeadh suim acu triail a bhaint as sa seomra ranga. Chuir an toradh seo ionadh orm mar cé go bhfuil an suim ann, is léir nach bhfuil an trasteangú á chur chun cinn. Dúirt beirt go n-oibríoch sé chun an Ghaeilge a chur chun cinn ach go mbeadh cur chuige an scoil uile ag teastáil. Dúirt duine eile go n-iompaíonn daltaí ar ais go dtí an teanga is fearr atá acu i gcónaí agus go bhfuil sí cinnte dá mbeadh rogha ag na páistí Gaeilge nó Béarla a labhairt, go roghnaíoch siad an Béarla i gcónaí. Dúirt múinteoir eile nach é trasteangú athbheochan na Gaeilge mar gheall go bhfuil sé ann le fada ach fósfhéin go mbeadh suim aige ann. Is léir go bhfuil níos mó eolais ag teastáil chun go mbeadh muinín ag na múinteoirí an trasteangú a chur i bhfeidhm. Dar leis an rannpháirtí seo, is iad modhanna múinteoireachta nua atá ag teastáil.

Ceapaim go bhfuil níos mó eolais agus níos mó fíricí ag teastáil faoi thrasteangú sa tír seo. Is léir go bhfuil tuairimí éagsúla ag daoine ach nach bhfuil gach duine ar aon tuairim amháin. Tar éis roinnt taighde, is léir domsa go bhfuil struchtúr faoi leith ag baint le trasteangú, ach, mar gheall nach bhfuil sé chomh coitianta anseo in Éirinn, tá múinteoirí ag ceapadh go bhfuil an rogha ann é a chur chun cinn go struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha agus ní hea seo an cás.

FOCAL SCOIR

Tá sé fíor shuimiúil go bhfuil bearna mhór idir trasteangú struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha, agus cé go bhfuil an fhianaise ann go n-oibríonn an modh struchtúrtha sa Bhreatain Bheag ní dóigh liom go bhfuil an modh seo le feiceáil in Éirinn go fóill. Tá sé soiléir go bhfuil córas nua ag teastáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn, ach ní dóigh liom go bhfuil trasteangú chun an fhadhb a réiteach mura bhfuil níos mó eolais ag oideoirí ar conas trasteangú struchtúrtha a chur chun cinn. Ba bhreá liom dá mbeadh trasteangú curtha i bhfeidhm anseo agus go mbeadh struchtúr faoi leith ag baint leis ionas go mbeadh múinteoirí agus daltaí scoile ar an eolas faoi agus nach mbeadh modhanna éagsúla in úsáid i scoileanna timpeall na tíre.

Léiríonn an taighde seo go mbeadh formhór na ndaltaí ag iarraidh iompú don Bhéarla dá má rud é go raibh an rogha acu an Ghaeilge nó an Béarla a labhairt, fiú iad siúd a bhfuil an Ghaeilge mar theanga dúcháis acu, rud a chuireann ionadh agus díoma orm, ach ceapaim dá mbeadh an trasteangú curtha i bhfeidhm go struchtúrtha go mbeadh deis níos fearr don Ghaeilge a chur chun cinn. É sin ráite, afách, tá bealaí eile gur féidir linn an Ghaeilge a chur chun cinn.

Tá modhanna múinteoireachta nua chun an Ghaeilge a mhúineadh ag teastáil go géar. Tá múinteoirí ag iarraidh níos mó béime ar an gcaint seachas ar an bhfilíocht. Tá meon na tuismitheoirí an-tábhachtach agus tá cabhair ag teastáil chun iad a spreagadh a bheith páirteach in obair Gaeilge na bpáistí. Is léir gurb é an tumoideachais an straitéis is éifeachtaí atá ann dar le múinteoirí agus go n-oibríonn sé i nGaelscoileanna. Mar atá ráite cheana agam, deir Cummins (2014), go bhfuil comhtháthú riachtanach chun teangacha a fhoghlaim agus go bhfoghlaimíonn daltaí níos éifeachtaí nuair a tharraingíonn an múinteoir aird an dalta ar chosúlachtaí agus éagsúlachtaí sna dhá theanga.

An chomhairle a bheadh agam ná múinteoirí bunscoile a chur ar an eolas faoi conas trasteangú struchtúrtha a chur i bhfeidhm go héifeachtach, ach go dtí go dtarlaíonn sé sin, ba

cheart an tumoidachais a bheith in úsáid níos minicí, ní sna ranganna Gaeilge amháin, ach i ranganna eile ar nós corpoideachais, ealaín agus creideamh. Tá cur chuige scoil uile ag teastáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn freisin agus is léir go bhfuil Gaeilge nádúrtha ag teastáil timpeall na scoile ionas go mbeidh ról lárnach aici i saol na ndaltaí. Is cinnte go bhfuil bealaí ann chun an Ghaeilge a fhorbairt agus le meon dearfach agus go leor oibre tá sé indéanta an Ghaeilge a chur chun cinn.

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le na rannpháirtithe uile a ghlac páirt sa taighde seo, na múinteoirí a chuaigh faoi agallamh agus na múinteoirí a d'fhreagair na ceisteanna sa suirbhé. Thug na múinteoirí seo léargas dom faoin nGaeilge i mbunscoileanna na tíre seo agus chabhair an méid a bhí le rá acu go mór liom. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an léachtóir Dr Aimie Brennan as ucht an chabhair ar fad a thug sí dom agus as ucht an deis chun an t-airteagal a scríobh a thabhairt dom. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo stiúrthóir Dr Conchúr Ó Brolcháin as ucht an chabhair ar fad a thug sé dom. Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo fhear céile agus mo mhuintir as ucht an tacaíocht ar fad a thug siad dom.

TAGAIRTÍ

- An Roinn Oideachais agus Scileanna (gan dáta) *An Córas oideachais: Bunoidreachas*, ar fáil: <https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Bunoidreachas/> [oscailte 17 Feabhra 2018].
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (gan dáta) *An Córas oideachais: Iarbhunoidreachas*, ar fáil: <https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Iarbhunoidreachas/> [oscailte 17 Feabhra 2018].
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030*. Ar fáil: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf> [oscailte: 17 Feabhra 2018].
- Ballinger, S., Lyster, R., Sterzuk, A. agus Genesee, F. (2017) 'Context-appropriate crosslinguistic pedagogy: Considering the role of language status in immersion education', *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 5(1), 30-57, ar fáil: <http://dx.doi.org/10.1075/jicb.5.1.02bal>.
- Bunreacht na hÉireann (1937) 'Airteagail 8.1', Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, ar fáil: <http://www.mic.ul.ie/academicdepts/english/Documents/Cite%20it%20Right%204th%20edition.pdf> [oscailte: 17 Feabhra 2018].
- Cummins, J. (2014) 'Rethinking pedagogical assumptions in Canadian French immersion programs', *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 2(1), 3-22, ar fáil: <http://dx.doi.org/10.1075/jicb.2.1.01cum> [oscailte: 17 Feabhra 2018].
- Jones, A. (2016) *Research Briefing: Welsh-medium education and Welsh as a subject*, ar fáil: <http://www.assembly.wales/research%20documents/rs16-048/16-048-english-web.pdf> [oscailte 14 Feabhra 2018].
- Kelleher, P. (2017) 'Why are students so poor at Irish after 12 years of school?' *The Irish Times*, 3 Aibreán, ar fáil: <https://www.irishtimes.com/news/education/why-are-students-so-poor-at-irish-after-12-years-of-school-1.3027745> [oscailte 17 Feabhra 2018].

- Lewis, G., Jones, B. and Baker, C. (2012) 'Translanguaging: developing its conceptualisation and contextualisation', *Educational Research and Evaluation*, 18(7), 655-670, ar fáil: <http://dx.doi.org/10.1080/13803611.2012.718490> [oscailte 14 Feabhra 2018].
- Ó Brolcháin, C. (2017) 'Oideolaíocht an Trasteangaithe i mBunscoileanna na hÉireann: Páipéar Seasaimh ar a Poitéinseal i gComhthéacsanna Áirithe', *Léann Teanga: An Reiviú*, ar fáil: <http://leannteanganreiviu.com/sites/default/files/08-ÓBrolcháin.pdf> [oscailte: 17 Feabhra 2018].
- Ollscoil Ottawa (gan dáta) 'Canadian Charter of Rights and Freedoms – Section 23', *Compendium of Language Management (CLMC)*, ar fáil: <https://www.uottawa.ca/clmc/canadian-charter-rights-and-freedoms-section-23-0> [oscailte 17 Feabhra 2018].
- Stopp, E. (2009) 'Minority Language Educational Rights', *The Charter in the Classroom: Students, Teachers and Rights*, ar fáil: <http://www.thecharterrules.ca/index.php?main=concepts&concept=10&sub=interpretation> [oscailte 17 Feabhra 2018].
- Tarja, N. and Moore, P. (2016) 'Exploring translanguaging in CLIL', *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 7th November 2016, 1-13, ar fáil: <http://dx.doi.org/10.1080/13670050.2016.1254151> [oscailte 14 Feabhra 2018].